

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T40
Ainm an Agallaí	Gene Eoghain Ó Curraighín
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	11/7/2006
Suíomh an Agallaimh	Teileann.
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)**(sos)****(--) , Tosach lochtach****'_____, Focal dothuigthe****'_____, + Níos mó ná focal amháin dothuigthe****.... Beirt ag caint ag an am amháin****[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Agus creidim go dtosóidh muid le Teileann é fhéin agus stair Theileann a Gene?

GENE: Bhuel is dóiche gur fíor bheag áiteacha thart ar chósta na hÉireann a bhfuil oiread béaloidis agus seanchais ag baint leis agus atá ag baint le Teileann agus théann sé ar gcúl go dtí aimsir na '_____', agus sin focal nach gcluin tú go han-mhinicanois, na '_____', seanfhocal Gaeilge atá ann a théann, sean fhocal ársa agus is é an míniú atá leis an fhocal '_____', *territorial rights of ancient kingdoms*, ach is é an iarsmaí is sine I dTeileann ná thíos ag an ché ar an áit a dtugadh siad an tráigh, an Tráigh Bhán air. Bhí port comhlaigh ansin i bhfad sular tógadh an ché ar chóir ar bith agus tógadh an ché mhór a bhí i dTeileann sa bhliain 1883. Ach ag gabháil ar gcúl i bhfad níos faide go dtí an 5ú aois, bhí mánigh ina gcónaí i dTeileann agus bhí mainistir ann agus tá an chruthú sin againn, ar an dóigh, a deachaigh cuid de na mánigh sin go dtí an Íosláinn agus thug siad leofa cuid dá gcuid trealamh agus chónaí siad tamall ar an Íosláinn agus tá a gcuid lámhscríbhinní san Íosláinn go fóill. Ar a mbealach na hÍosláinne díofa, stop siad, ar na hoileáin atá taobh thuaidh, mar a deir siad i mbéarla, na *Faro Islands* agus thug siad leofa na caoigh as Teileann iomlán an bhealach go dtí an Íosláinn agus deir siad gur bé an fhocal farach a tháinig na *Faro Islands*. Gur stop siad ansin go dear siad moill lena caoigh a fhágáil amuigh ar farach agus rachadh siad an chuid eile den bhealach

ansin na hÍoslainne. Anois tá teach pobal san Íosláinn agus tá gloine ann agus ar phictiúr an ghloine tá pictiúr de na máinigh ag teacht i dtír agus caoirigh leofa. Thart fá, b'fhéidir, thar leathchéad bliain ó shin, tháinig fear as an Íosláinn anseo ar cuairt go Teileann. Nuair a bhí sé ag gabháil fríd na lámhscríbhinní seo agus déanamh scrúdú orthu agus na logainmneacha céanna in áiteacha san Íosláinn atá le fáil anseo i dTeileann agus an stair a bhaint leis na máinigh seo. Ach tháinig fear darbh ainm Ivor/Inor Olson go Teileann agus chuaigh sé i gcáin, i gcomhrá le Seán Haughey, an Dochtúir Séan Ó hEochaíd, fear chruinniú béaloidis, gur chinntigh sé gur as Teileann a d'fhág na máinigh seo. Agus anois ar an bhliain seo a chuaigh thart, scríobhadh leabhair, is é Liam Ó Cuinneagáin a bhí ina bhun, tá siopa cl..., leabharthaí aige i mBaile Átha Cliath agus tá cló, '____', aige agus scríobhadh an leabhair seo, cuireadh amach an leabhair i dtrí chanúint, cuireadh amach i gcanúint an hÍoslainne é, i mBéarla agus i nGaeilge agus thug sé iomlán an stair ar an dóigh ar fhág na máinigh Teileann agus rinne siad a mbealach na hÍoslainne ach níl a fhios caidé a tharla díofa nuair a chuaigh na Lochlannaigh isteach na hÍoslainne, b'éisgean díofa é a fhágáil nó b'fhéidir gur maraíodh iad ach níl iomrá nó scéal ar bith caidé a tharla ina dhiaidh sin ach gur mhair a gcuid lámhscríbhinní beo.

GENE: Tuairim leathchéad slat b'fhéidir níos faide thuaidh ar ais, tá tobar eile, tobar a bhfuil draíocht ag baint leis. Bhéarann siad Tobar na Cora air, théann an tobar seo in gcúl go dtí aimsir na bPágántachta agus is é an chiall a bhí leis an tobar seo nó nuair a bheadh na bádaí amuigh ar farraige agus b'fhéidir dá mbeadh siad thall ar chósta thiar na hÉireann, sin Contae Mhaigh Eo agus Contae Shligigh. Dá mbeadh a mbunadh sa bhaile, ag éirí imníoch nach raibh an corr ceart guí acu, d'folmhaíodh siad amach an tobar le buicéad agus nuair a bheadh an tobar ag líonadh ar ais, dhéanadh siad amach go bhfaigheadh siad corr guí abhaile, sin creideamh a bhí acu in sa, ins na, ina gcuid, ina gcuid piseoga.

GENE: Bhí mórán rudaí eile fostá a raibh baint ag pisreoga leis, i mo cheantar féin. Mar shampla anois, sé an phiseoga a ba mheasa den iomlán nó, bhí sé creidte i gcónaí ag mairnéalaigh agus lucht farraige go gcaithfeadh an fharraige a chuid féin a fháil. Agus thiocfadh leat a ráit go raibh an creidbheáil na bpisreoga, níos doimhne, agus go, in san lucht iascaireachta nó mar a bhí i ndaoine eile agus is dóiche gur an chúis a bhí le sin nó go raibh, an bhuaigh sin ag saol uaigneach na farraige ar a ndearcadh agus ar a gcreideamh. Mar a dúirt mé roimhe, sé'n ch..., á, chreidbheáil a ba mheasa i bpisreog ar bith nó déanamh amach go gcaithfeadh an fharraige a cuid féin a fháil agus tá scéal beag amháin a bhaineas, leis an chreidbheáil sin. Agus tharla sin i dTeileann, ó b'fhéidir, seacht scór bliain o shin. Oíche amháin a bhí iomlán an chabhlach amuigh ag iascaireacht scadán agus bhí bád amháin ann, agus is é an t-ainm a bhí ar *skipper* an bháid sin ná Jimí John Eoghainín. Anois bhí seisean amuigh ag iascaireacht agus ní bhfuair sé iasc ar bith, bhí sé ar a bhealach abhaile agus bhí bád roimis (roimhe)agus bhí an bád luchtaigh go dtí an clár béis agus bhí an oíche ag gabháil 'un giorramhaí (níos giorra) agus nuair a bhí siad ag teacht cóngarach do bhéal an chuain, áit ar a dtugann siad, á, ó c'ainm seo a bhéarann, á, **Tor Cónallach?** Bhí an úr, bhí an úr ar an tsaoiste agus d'iarr siad ar Jimí John Eoghainín fanacht leofa. "Ó", arsa seisean, "imígí libh an bád isteach an bhaile. Caillfear iad, ní thiocfaidh siad i dtír. Agus nuair a bhéarfaidh muid, sinne tarrtháil", arsa seisean, "b'fhéidir go gcaillfí muid féin". Ach ní dheachaigh siad i bhfad gur *shinka/* an bád. Bhí seacht '_____ ' sa bhád, cailleadh uilig iad ach fear amháin, shnámh an fear sin, shnámh sé isteach go dtí an cladach agus tháinig se i dtír. Ach chuaigh an bád eile, chuaigh sí suas an cuan iomlán an bhealaigh, go dtí leath bealaigh idir an Chapaigh agus Teileann agus nuair a bhí siad ag cur an bád amuigh ar feistiú, chuaigh Jimí John Eoghainín é féin, d'fhág sé an deireadh an bháid agus chuaigh sé suas go dtí an tosach agus thóg se an t-ancaire. "Anois a fheara", arsa seisean, "caithfidh an uile dhuine", arsa seisean, "mionna '_____ ' a ghlacfaidh nach bhfaca sibhse bád ar bith" agus nuair a d'amharc se isteach ar an talamh, cé a bhí ina sheasamh ann ach an buachaill a b'óige den fhoireann a cailleadh agus nuair a chonaic sé é, níor labhair sé chóir ar bith. Anois, bhí a fhios ag an bhuachaill óg, insíodh fríd an áit an rud a rinne sé, ach b'éigean do iomlán an fhoireann a bhí sa bhád ach an seanduine é féin, b'éigean daofa an áit a fhágáil le náire. Agus Jimí, é

féin, an teach ina raibh sé ina chónaí ann, b'éisgean do an teach a fhágáil ná bhí sé ráite go raibh cuid de na daoine a bádh, go raibh siad ag siúl thart ar a theach san oíche agus iad ag scairtigh "fágaim mo bhás ort, fágaim mo bhás ort". Ach le deireadh a chur leis an scéal beag sin, bhí mí-ádh ar, bhí mí-ádh an áit agus ní raibh ráth ná beannacht ariamh ar an '_____ ' ar duine ar bith den treibh a bhí ag baint leis go dtí an lá atá inniu ann. Sin scéal beag amháin ansin.

DÓNALL: An b'ésin anois pisreog ná mallacht a cuireadh a Gene?

GENE: Bhuel, anois, tá sé an-doiligh a inse agus tá mórán daoine nach gcreideann ina leithéidí seo. Ach in san am chéanna, tá rud inteacht ar an tsaol seo nach féidir míniú a thabhairt orthu.

DÓNALL: Tá.

GENE: Anois, ní, ní duine mé féin a mbeadh uaigneas orm agus ní duine na, i n-amanna a bhéarfadh isteach i dtaibhsí nó na siogaí ach, sa rud inteacht, tá rud inteacht i gcónaí amuigh ansin....

DÓNALL:Tá....

GENE:A chuirtheas amhras orm agus cuireann sé amhras ar dhuine ar bith. Sílim, sin mo thuairim-sa do.

DÓNALL: Sé. Níl míniú ar go díreach.

GENE: Rud inteacht nach bhfuil míniú air.

DÓNALL: Sea.

GENE: Ach cé gur mhaithe tiarna talún *Connelly*, tháinig boic ina dhiaidh a bhí ní bhfearr agus b'iad sin iad na *Musgraves*. Agus sé'n fáth a ndeirim go raibh siad ní bhfearr, chuidigh siadsan an áit a thógáil. Thóg siad teach mór ósta ar an Charraig, á, in san am ní raibh teach ósta dá leithead b'fhéidir taobh seo Bhaile Dhún na nGall. Chaith siad £5,000 agus i bhfad le t-airgead sin san am an teach ósta sin a thógáil. Teach trí stór a bhí ann agus thug siad caoraigh anall as Albain leis an phór a athrú. Thug siad eallach isteach as an Bhreatain Bheag agus bhí naoi leapacha i gcónaí acu, in otharlann, i Srath an Urláir agus bhí fear acu féin ina dhoctúir. Agus is iad a chur tú le tionscal an bháinín agus is é an báinín a chaitheadh siad féin i gcónaí. Bhí siad ina chuidiú mhór fosta nuair a tháinig, nuair a bunaíodh Bord na gCeantar Cúng. Á, tugadh bádaí anall as Albain, go Teileann, bádaí m..., breátha, bádaí a bhí ábalta dhaichead tonna a iompair. Agus bhí na badaí sin ábalta a ghabháil áit ar bith ó chósta na hAlbana síos go dtí ceann Mhaigh Eo, go dtí, ó, áit ar bith, síos go dtí Cathair na Mart agus rinneadh, agus sé'n coinníollacha a bhí leis na badaí seo agus tugadh na badaí, na *Zulus* a bhéarfadh siad orthu, á, agus bhí déanamh orthu, bhí an *keel*, bhí sé tríú cuid ní ba giorra ná bhí sé ón bhall tosaigh go dtí an deireadh, á, bhí siad anfhurast oibriú, bádaí seoil a bhí iontu, agus na coinníollacha a bhí orthu, go rachadh tríú cuid den airgead a shaothraí ar ais go dtí Bord na gCeantar Cúng go mbeadh siad íoctha ar a son. Agus nuair a tháinig na badaí seo go Teileann, cuireadh fear agus beirt ar an uile bhád, le taispeáint do bhunadh Theileann an dóigh leis na badaí seo a oibriú. Ach ní raibh siad i bhfad i dTeileann, na daoine seo go raibh a gceird foghlamtha ag bunadh Theileann iad féin. Agus bhí rud eile fosta ann, taobh istigh de chúpla bliain, bhí na bádaí seo, bhí siad ábalta, bhí siad glanta amach acu. Bhí siad íoctha ar a son, ar son. Ach uair amháin a bhí na bádaí sin díolta ar a son acu, thiocfadh leis an comhlacht nó b'fhéidir cibé, in amanna bhí cúigear ná sheisear le chéile, seisear a bhí i gcónaí ar an fhoireann, ná b'fhéidir gur le duine amháin na beirt an bád, nuair a bheadh an bád glanta, thiocfadh leofa an bád sin a dhíol agus gheobhadh siad airgead agus thiocfadh leo úsáid a bhaint as an airgead sin le dóigh níos fearr a chur ar chuid an tigh agus ansin thiocfadh leofa bád eile a fháil agus na coinníollacha céanna, an tríú cuid den airgead a dhíol ar ais leis an chomhlacht a bhí ag tabhairt na mbádaí seo daofa.

DÓNALL: Dóigh mhaith a bhí ann.

GENE: Sea. Agus mhair sin ar aghaidh go dtí saoirseacht ár dtíre agus sin an t-am, sin a, sin a, sin a, sin an t-am a tháinig m'athair ón iascaireacht.

DÓNALL: Anois a Gene, tá tú ag gabháil a inse domh scéal fá Naomh, c'ainm a bhí ar an Naomh a Gene?

GENE: Ó, Naomh, ó bhí sé fad an t-am ó shin, bhí sé thusas ar bharr Shliabh Liag, Naomh darbh ainm Aodh Mac Bricne, théann sé ar gcúl go dtí an seisiú haois. Bhí sé ina chol ceathrair, nó ina chol seisear ag Naomh Colmcille *but* dá lucht Niall na Naoi nGiallach é, á. Bhí scéal aisteach ag baint lena óige. Rug, rug, rugadh é, i gContae na hIarmhí agus bhí, d'inis sé scéal nuair a tháinig sé ar an tsaol, tháinig sé roimhe an am agus bhí a mháthair amuigh i bpáirc ach nuair a rugadh é, tháinig a cheann ar leac mhór, agus an áit ar tháinig a cheann ar an leac, bhí poll beag in sa leac agus tháinig tobar in sa leac agus deireadh siad go raibh leigheas in san tobar seo fá choinne tinneas cinn ach nuair a, bhí sé ina bhuachaill óg, fuair a athair bás. Bhí triúr deartháireacha aige agus á, tógadh i gCill Chainnigh é ag gaolta leis. Agus bhí sé, bhí sé ansin go raibh se ina bhuachaill dhéanta thart fá b'fhéidir, ina dheagóir ná tarraingt suas ar scór bliain ach nuair a tháinig sé ar ais chun an bhaile, i dúiche a athair, bhí sé roinnte idir a chuid deartháireacha agus tháinig an-fhearg air nuair nach bhfuair sé a chuid féin do. Ach caidé a rinne sé? Bhí fear saibhir in san áit agus bhí iníon aige agus rinne sé an iníon an fhear saibhir seo, rinne sé, í, í a fhuadach agus dúirt sé go gcoinneodh sé í go bhfaigheadh seisean a chearta féin dá ghabháltas a athara. Ach bhí manach in san áit, chuaigh an manach a fhad leis agus d'iarr an manach air ciall a bheith aige, á, agus ligean leofa agus thug sé comhairle do a ghabháil isteach in sa mhainistir. Chuaigh sé isteach in sa mhainistir, rinneadh sagart do, rinneadh easpag do ach sé an deireach a bhí air go dtug sé a aghaidh ar Shliabh Liag agus bhí sé sean nuair a chuaigh sé go Sliabh Liag agus tá teampall tóghtha thusas ann agus tá doirneog le feiceáil go fóill. Tá sí b'fhéidir thart fá 20 troighe nó 25 troighe ar fhad agus b'fhéidir 16 nó 17 troighe ar leithead agus tá

teach cónaithe cineál de '_____’ isteach in sa talamh agus leacacha móra, dhá bhalla, bheadh siad thart fá b’fhéidir 4 troighe ná 5 troighe ar leithead agus na leacacha móra seo ar a mullach, mullach, i mullach na mballaí agus ‘_____+’ isteach in sa talamh, is dóiche gur sin an áit chónaithe a bhí aige. Agus is é an t-ainm a bheir siad ar sin nó, má, más deir siad, sin cathaoir, Cathaoir na Naomh ach, a, tá trí toibreatha beannaithe ann, agus tá altóir ann agus tá sé an-iontach thusa ar bharr an tsléibhe. Is cuma chomh tirim agus a thiochtas an samhradh, ní fhaca mise an tobar sin ariamh tirim. Tá braon beag uisce i gcónaí ann. Agus is ar an 10ú lá, de mhí Dheireadh Fómhair, sin, á, lá a dtigeadh oilithrigh leis an turas sin a dhéanamh agus is turas an-fhada atá ann. Ar do bhealach suas, tá bealach mór, agus ag, tá tontach an bhealach mhór ag áit a dtabharann siad An Scrathán ‘_____+’ air. Agus ag taobh an ‘scag’ ansin tá poll ar a dtugann siad “*Poll an tSneachta*”. Tá dhá charnán cloiche ag taobh Poll an tSneachta agus sin an áit a dtosaíonn an turas. Á, leis na turas a dhéanamh caithfidh tú 15 deichniúr, an chéad uair caithfidh tú 2 dheichniúr den phaidrín páirteach a ráit, ceann ag achan, á, charnán, agus ar do bhealach suas caithfidh tú 15 dheichniúr a ráit, ar do bhealach suas, go dtí an turas agus ansin siúlfaidh tú thart ar an teampall seo agus déarfaidh tú 15 eile, théann tú amach ansin chuig, cuireann tú d’aghaidh siar ó dtuaidh, tarraignt, más bheifeá ag tarraignt ar Mhálainn Bhig agus siúlfaidh tú amach tuairimse leathmhíle talaimh agus caithfidh tú a bheith ag guí iomlán an bhealaigh amach, iomlán an bhealaigh isteach agus beidh tú ag guí ansin thart ar an á, na carnáin, agus ar a, ar an teach pobal, ach ins, san iomlán de, déarfaidh tú, caithfidh tú thar 100 deichniúr den phaidrín a ráit leis an turas a dhéanamh go hiomlán agus ansin caithfidh tú guí ar shon intinn an phápa. Is cuimhne liomsa i m’óige, théadh mórán oilithrigh suas ar an 10ú lá de mhí Dheireadh Fómhair ach ní théann duine ar bith suasanois. Agus, á, tá beagán blianta ó shin, á, tháinig baicle de mhaistíní agus an áit a raibh an t-altóir, rinne siad, scrios , leag siad an t-altóir agus bhí clocha ann a raibh múnla cros inti agus leag siad sin agus chuaigh mé féin suas dhá Dhomhnach i ndiaidh a chéile agus chaith mé iomlán an Domhnaigh gur fhiach mé é a chóiriú, thug mé é agus chuile liom ach de réir an tseanchais fuair an Naomh bás in sa bhliain 588 agus tá sé curtha in áit a dtugann siad Baile an tSratha air, sin, á, idir Dún na nGall agus Béal Átha Seanaidh ach deir siad fosta go raibh cuid den

staisiún seo amuigh ar oileán Reachlainne, go raibh baint aige le oileán Reachlainne.
Sin anois an

DÓNALL: ...Ar chósta Aontroma?

GENE: No, no, Reachlainn, Reachlainn Uí Bhírn

DÓNALL: Ó, Reachlainn Uí Bhírn.

GENE: Tá sé istigh, tá sé istigh ar, sin anois, á, Naomh Mhic Breicne.

GENE: Bhéarfaidh mé sean phíosa filíochta duit.

DÓNALL: Déan leat.

GENE: Seo i dTeileann (--), bhí seánbhean i dTeileann ar a dtugadh siad Biddy Shéamuis uirthi. Fuair sí bás in 1923, bhí siad ag déanamh amach go raibh sí 100 bliain d'aois nuair a fuair sí bás. D'éirigh sí chomh beag agus sé an t-aon bealach taistil a bhí aici, rinneadh cliabh mór dithi. Bhí sí ina seanchaí agus bhí an-mhórán béaloidis aici. Bhí siad a iompar ó áit go háit, istigh i gcliabh ach seo píosa anois a mhothaigh mise ag mo mháthair.

DÁN

Lá dá raibh mé cúl chaon na gcnámh
Ag ionsaigh Binn Éadán maidin bhog breá,
Gan aon duine ar an tsaol a chluinfeadh a scéal,
Nár thrua é, mac Ghael a bheith meánbhród mar táim.

Earraí nó éadach, ní iarrfainn do spré léithe
Capaille nó caoraigh, cé gur dhoiligh domh a bhfáil.

Ach ag feisint an scéin i maise is in méin
Chuachadh sé cnámhach go dtug mé di grá.

In mo shiúl sa lá, níor léaradh an ród,
D'ísliugh an ceo is d'ardaigh an ghaoth,
Trá fá chónaí, séam na hóige
A d'fhag faoi bhrón mé le mo shaol.

Mar a bhfaighim go cinnte is aile na hintinne,
Sásamh cainte ón bhanríon óig.
Fáilte ghrinn tríd lár a cion,
Is í an chuach i gcoille lá sa cheo.

Tá cún faiche trilseach ag fás go pojseach,
Trom trom trópalach ag fás go fér,
Ar a choirpín, bhoirbín, chúramach, chuimsigh,
Ar Rí go mbeidh caint ar na gruad mar Rós
(Maíros)?

Uair amháin a gheofá póg óna gríos béal ródheas,
Is í Gráinne Mórne is feard a glaoigh.
Ná díthe táim troiche, tréithe lug leonta,
De easpa treorú, táim gan di.

Trom trom trópalach, lúbach, bollach,
Cnámhach, caolach, camógach donn,
Trilseach, torthanach, scuabach, drithlineach,
Cluainteach, feamaineach, fada righin, trom.

Tá bláith ur-phlot ag fás go duilleanta,
Ag soilsiú solas ar imeall an cill,
Ar an pháiste mhorálta, mhúinte, mhacánta,

Mórga, muscailte, gheall lán ghrinn.

GENE: Sin anois é.

DÓNALL: Anois a Gene, tá sin galánta.

DÓNALL: Anois a Gene, tá seanchas Cholmcille agat fostá, tá traidhfil scéalta dena chuid agat, déarfainn.

GENE: Tá, bhuel, á, bhí Colmcille, tá an-mhórán seanchais ag baint le Colmcille, á, agus á, bhuel mar a tá a fhios ag an saol, mór, bhí á, an-mhórán, bród i gColmcille agus bhí ríocht, más dúirt an fear iudaí, bhí pód, bhí pór ríochta ann. Tháinig sé de, de á, as shliocht Niall na Naoi nGiallach ach sular dtáinig Colmcille ariamh, á, na Gheanna, rinneadh tairngreacht go mbeadh sé ag teacht, agus bhí Fionn Mac Cumhaill ar dhuine de na fir a rinne an tairngreacht sin agus sé an tairngreacht a rinne sé lá dá raibh Fionn agus a chuid fear, bhí sé ag seilg in san pháirt seo den téarma agus nuair a tháinig an cú mór clúiteach, Bran, bhí sí sa tóir ar eilit mhaol agus nuair a dhiúltaigh an eilit ghabháil trasna an abhainn isteach in sa ghleann, bhí a fhios aige go raibh rud inteacht sa ghleann nach raibh maith agus ní dheachaigh sé ina diaidh. Scairt sé ar ais uirthi agus dúirt sé an lá sin go mbeadh fear ag teacht a mbeadh níos mór cumhacht aigesan, ruaig a chur ar cibé sóirt ainsprid a bhí in sa ghleann in san am.

An chéad uair, nuair a tháinig sliocht Cholmcille anseo, bhí Niall na Naoi nGiallach, bhí, tháinig a chuid mic go tuaisceart na hÉireann, á, agus sé Cónall Gulbain, an fear a tháinig go Dún an nGall. Bhí a dheartháir Cónall, á, a dheartháir, Eoghan, bhí seisean i dtuaisceart na contae agus bhí fear eile acu ar a dtugadh siad Boghaine Éirne air agus sé, ó, as sin a tháinig an focal Tír Boghaine.

Ach bhí leasainm ar Chónall, agus se an leasainm a bhí air ná Cónall Gulbain agus insítear scéal dúinn ar an dóigh a bhfuair sé Cónall Gulbain mar leasainm. Nuair a bhí se ina bhuachaill óg, bhí se ina chónaí ag a uncail a bhí ina chónaí cóngarach do Shliabh Gulbain agus sé an t-ainm atá ar an tsliabh sin anois ná Benbulbin. Ach lá

amháin tháinig, gaiscíoch óg thart agus bhí se ar lorg dúshlán, dá dhuine ar bith a rachadh i gcomórtas leis. Ach, arsa uncail Chónall, "maith go leor", arsa seisean, "tá gasúr anseo", arsa seisean, "agus rithfidh sé rása leat ar bhéal maidne". Tar anseo", arsa seisean, "le éirí gréine agus an chéad duine", arsa seisean, "nuair a bheas siad thuas ar bhal.., bharr an tsliabh agus ar ais ag an teach seo, is n'aige a bheas an bhuaigh". Bhí sin maith go leor, maidin lá thar na mhárach le héirí gréine, tháinig an strainséir go dtí an doras agus thug uncail Chónaill, thug sé leis an gasúr. "Anois", a deir sé, "rithigí libh", a deir sé, "go barr an tsléibh agus ar ais". D'imigh an bheirt acu sa rása ach leath bealaigh suas an tsliabh, thit an strainséir marbh, bléascadh an croí aige faoi bhrú. Chuaigh Cónall suas go barr an tsléibhe agus ar ais. Ní raibh moill ar bith air ná bhí an cleachtadh aige agus ón lá sin go dtí an lá atá inniu air, níor tugadh air ach Cónall Gulbain.

Ach an chéad bhliain dá Chónall Gulbain a bheith i dTuaisceart na hÉireann, bhí sé féin agus a mhac, sin an bhli..., an chéad bhliain a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn, chuaigh siad, chuala siad iomrá ar Naomh Pádraig agus chuaigh siad in araicis Naomh Pádraig. Agus an gasúr a bhí leis, chur Naomh Pádraig an-suim in sa ghasúr agus thóg sé a láimh agus ghearr sé Chroch Chéasta ar bhos an ghasúir. Sin an lá a baisteadh Cónall Gulbain. "Cén fáth", a deir Cónall le Naomh Pádraig "bhfuil tú ag cur oiread suim in sa ghasúr"? "Tá", arsa seisean, "deichiú maicín beag de threibh, is saoi, is flaith, is file a bheas ann. Ullmhach an chriosláin, ghealbhui, ghlé, nach n-abródh bréag. Ní raibh ghin a lúcháir, a ghineofar é".

Ach ar iomlán na scéaltaí dá hinsíodh fá theacht Cholmcille, bhí an scéal a insíodh fán aisling a bhí ag a mháthair sular saolaíodh é. Ceann a ba deise den iomlán. Chonacthas dá mháthair Eithne ina haisling go dtáinig aingeal chuici agus thug sí, thug an t-angeal d'Eithne an t-éadach deas geal. Bhí sé níos gile ná canach an tsléibhe agus achan bhláth, na bláthanna a ba deise ar an domhan, fite, fuaite, fríd an éadach. Agus bhí ciumhais deag gorm air. Bhí áthas mór ar Eithne, ar fháil an éadach. Ach ní raibh sé i bhfad aici go dtug an t-angeal an t-éadach leis ar ais. "Cén fáth", arsa sise, "a mbaineann tú domh an t-éadach a raibh mo chroí istigh ann"? "Ó", arsa an t-angeal, "ná bí buartha i ndiaidh an éadach, nó's", a deir sé, "saolóidh tú mac agus", arsa seisean, "beidh sé ina threoraí ar an aonad anam go dtí Ríocht Neimhe" agus le sin chonaic sí an t-éadach ag gabháil fríd an spéir agus

leitheadaigh an t-éadach gur chlúdaigh sé iomlán an spéir a bhí le feiceáil aici. Ansin dhúisigh sí. Ach nuair a rugadh Colmcille bhí sé ina bhuachaill cosúil le buachaill ar bith eile agus sé an t-ainm a tugadh air ná Criotán agus sé an míniú a bhí leis an fhocal Criotán nó sionnach óg. Ach, Colmcille, chonacthas d'athair agus dá mháthair go raibh dúil mór aige a bheith istigh i gcill an áit a raibh sé ina chónaí, cóngarach dá cheantair Ghartán, tá sé ansin go fóill, ach bhí sagart ansin agus thug sé faoi deara go raibh an gasúr i gcónaí ag guí istigh sa teampall seo agus dúirt sé lena athair gur chóir é a chur isteach in mainistir. Cuireadh an páiste isteach in mainistir, ó ní raibh sé ach 7 nó 8 bhlianta san am, ba shin an gnás a bhí ann in san am, páiste ar bith a rachadh le sagartacht le bheith ina mhanach, ‘_____+’ go hóg é. Ach cha raibh sé i bhfad ag an mhanach seo a bhí ag amharc ina dhiaidh go dtug sé faoi deara lá amháin a chuaigh sé isteach i dteach an phobail agus an áit a raibh sé ag guí, bhí solas os cionn an pháiste agus dúirt se an lá sin, an sagart a bhí ag amharc ina dhiaidh, nach raibh sé ceart, an t-ainm a bhí ar an pháiste agus bhaist sé an Colmán Cille air. Ach d'éirigh Colmcille, rinneadh sagart dó, rinneadh easpag dó. Ach sular dtáinig Colmcille na Ghleanna, d'éirigh achrann idir é féin agus Fionán agus sé an t-achrann a bhí ann go bhfuair Colmcille, fuair sé leabhair ar iasacht óna shean mhúinteoir agus níor thug Colmcille, nuair a thug sé an leabhar ar ais dó, caidé a bhí déanta ag Colmcille ach cóip den leabhar ach nuair a fuair Fionán amach go raibh cóip déanta ag Colmcille den leabhar, d'fhiach seisean an cóip a fháil fosta ach dhiúltaigh Colmcille cóip a thabhairt dó. Agus thug, Fionán, thug sé cás cúirte ina aghaidh agus rinne an tArdRí an cinneadh agus sé an cinneadh a rinne sé go gcaitheadh gach leabhar a cóip a fháil agus gach bó a boinín ach níor ghlac Colmcille leis an chinneadh agus dhiúltaigh sé an leabhar a thabhairt suas agus d'eagar an tArdRí, d'eagar sé cogadh ar Cholmcille is ar a lucht leanúna ach dálta an uile dhream eile a raibh ríocht ag baint leofa, bhí Colmcille uaibhreach agus bhí muintir Niall na Naoi nGíallach in san am, an uile dhuine ariamh acu, bhí siad i gcónaí oillte i gcúrsa cogaidh agus chruinnigh sé arm agus casadh é féin agus arm an rí ar a chéile ar Chaonach Chúil Dreimhne i gContae Shligigh agus sé an deireadh a bhí air gur maraíodh 300 duine de shaigh, de shaighdiúirí an rí. Anois, nuair a chonaic Colmcille i ndeireadh an lae, bhí an cluiche bainte aige, cath bainte aige agus chonaic sé slaid a bhí ag teacht ar pháirc an áir, tháinig an-aithreachas air. Chonaic sé páistí,

dílleachtaí ag gabháil, mná ag caoineadh, a gcuid fir uilig marbh. Ghlac sé mionna an lá sin go ndéanfadh sé ar a laghad oiread daoine thabhairt chun fad inteacht go dtí an Chríostaíocht agus a fuair bás an lá sin ar pháirc na n-áir ach bhí rud amháin ag cur bhuirimh air. Bhí a fhios aige go raibh ceantar amháin in Éirinn nár baisteadh ariamh agus nár beannaíodh ariamh agus bí shin é ceantar Ghleanncholmcille nó mar a luaigh mé cheana, lá dá raibh Fionn Mac Cumhaill agus a chuid fear, nuair a dhiúltaigh a chó a ghabháil isteach in sa tsean ghleann dorcha, in sna cianta cairbreacha sin, siad na hainspioraid a bhí ann nó na hainspioraid a dhíbir Naomh Pádraig as Cruachán ano Chonnachta agus bhain siad faofa in sa tsean ghleann dorcha. Agus nuair a tháinig Naomh Pádraig é féin go dtí imeall an ghleanna, chonacthas dó go raibh na diabhall chéanna ina gcónaí faoi scáth an dorchadais agus an cheo draíochta a dhíbir sé na blianta roimh sin. Dúirt sé an lá sin go mbeadh fear óg ag teacht ina dhiaidh a chuirfeadh an ruaig orthu. Ach chuaigh Colmcille agus a lucht guí, chuaigh siad iomlán an bhealaigh go dtí áit ar a dtug siad Srath na Circe air agus tháinig siad go dtí imeall na habhanna, bhí ceo draíochta ag teacht anuas go dtí imeall na habhanna. Chaith fear de na diabhall, chaith sé sleá draíochta agus mharaign sé comrádaí Cholmcille. Cearc an t-ainm a bhí ar an chomrádaí, thug Colmcille maithiúnas dá chomrádaí sular bhfuair sé bás, thóg sé an tsleá agus chaith sé an tsleá trasna an abhainn. Bhí an tsleá déanta as cuileann agus nuair a tháinig an tsleá isteach i gceantar an ghleanna, ghlac sí rúta in sa talamh agus ghlan an ceo. Agus tá an crann cuilinn sin le feiceáil thusas in Mín an Aoire go dtí an lá atá inniu ann agus sin an dóigh a bhfuair Srath na Circe a ainm, mo chearc marbh. Chuaigh Colmcille agus a lucht leanúna, chuaigh siad isteach in sa ghleann agus iad ag guí agus ghuí sé oiread le Dia, d'iarr sé ar Dhia gnás a chur chucu, chuige a dhíbreodh na hainspioraid amach as an ghleann. Tháinig sin chuige ar shéideán gaoithe, cloch għlas, għearr, għiobbarach agus clog. Thosaigh Colmcille a bhuaileadh an chloig agus bhí fear dá chuid manaigh ag caitheamh an chloich rompu agus dá réir agus a bhí siadsan ag gabháil ar aghaidh, bhí na diabhall ag teitheamh rompu gur dhíbir sé isteach in san fħarraiġe iad in áit ar a dtugann siad An Garbhach air. Agus rinne sé daofa, de na diabhall sin, beithigh éisc gránna a bhí ar leathshúil agus go han-mhinic, deirtear gur beireadh ar na hiasc seo ar sruthlíonta agus ar lorgaí agus tá siad chomh gránna agus an bomaite agus a thiocfas siad

isteach ar an mbád go mbeidh deifre ar iascairí fáil réitigh leofa. Deireadh iascairí Theileann gur róntha a rinne sé daofa agus gurbh é sin iad na róntha a bhíodh ag ithe na bradáin as a rinneadh sruth na líonta in san am a chuaigh a thart. Ach ar dhóigh amháin ná ar dhóigh eile dhíbir Colmcille, dhíbir sé na diabhail amach as an ghleann. Bheannaigh sé bunadh an ghleanna agus ón lá sin go dtí an lá atá inniu tá ráth agus bláth ar an ghleann.
